



RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/855 ÓN gCOIMISIÚN
an 28 Eanáir 2025

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 a mhéid a bhaineann le sonrú na foirmle chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca tráchtearraí a ríomh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 279a(3), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De réir Airteagal 279a(3), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, maidir leis an bhfoirmle atá le húsáid ag institiúidí chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol a ríomh arna mapáil ar an gcatagóir riosca tráchtearraí atá comhoiriúnach le dálaí margaidh ina bhféadfadh praghsanna tráchtearraí a bheith diúltach, ba cheart an fhoirmle sin a shonrú freisin i gcomhréir le forbairtí rialála idirnáisiúnta, lena gcomhlánaítear an fhoirmle chomhchosúil le haghaidh céadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis.
- (2) I gCaibidil CRE52 de Chreat Basel, a ghlac Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht ⁽²⁾, leagtar amach an cur chuige caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa contrapháirtí. Laistigh den Chaibidil sin, sonraítear i bpointe 52.40 an fhoirmle atá le húsáid ag institiúidí chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar chatagóir riosca shonrach a ríomh. Ardaítear le Ceist 2 a ghabhann le pointe 52.40 an tsaincheist maidir leis an gcaoi ar cheart an deilte mhaoirseachta le haghaidh céadroghanna a ríomh nuair is nialas atá sa téarma P/K nó nuair is téarma diúltach é sa chaoi nach féidir an téarma $\ln(P/K)$ a ríomh, mar shampla i dtimpeallacht ráta úis dhiúltaigh. D'fhreagair Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht an cheist sin agus, i gcásanna den sórt sin, ba cheart d'institiúidí creidmheasa foirmle atá beagán difriúil a úsáid chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol a ríomh, i.e. ba cheart dóibh athrú ar phraghasluach agus luach ceangail na gcéadroghanna lena mbaineann a ionchorprú san fhoirmle sin trí λ a chur leis, i gcás inar cheart λ a bheith sa mhéid is ísle a thiomhdítear a dhéanadh rátaí úis san airgeadra faoi seach a bheith diúltach. Ba cheart cur chuige comhchosúil a leanúint i gcás d'eilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca tráchtearraí, i gcásanna ina bhféadfadh praghsanna tráchtearraí a bheith diúltach. Ba cheart an t-aistriú λ a bheith mór go leor chun é a chur ar a gcumas d'institiúidí creidmheasa deilte mhaoirseachta céadrogha arna mapáil ar an gcatagóir riosca tráchtearraí a ríomh i gcomhréir leis an bhfoirmle a leagtar síos in Airteagal 279a(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, ach ba cheart é a bheith sách beag ag an am céanna gan claontacht neamhriachtanach a thabhairt isteach i dtoradh ríomh na deilte maoirseachta.
- (3) I gcomhréir leis an gcur chuige a leagtar amach i Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 ón gCoimisiún ⁽³⁾ maidir le céadroghanna arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis, ba cheart úsáid a bhaint as luach na luaineachta maoirseachta i gcás céadroghanna ar dhíol agus ar cheannach sa chatagóir riosca tráchtearraí arna chinneadh sna caighdeáin idirnáisiúnta arna nglacadh ag Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, toisc go meastar é a bheith oiriúnach lena úsáid faoi dhlí an Aontais.

⁽¹⁾ IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>.

⁽²⁾ https://www.bis.org/basel_framework/chapter/CRE/52.htm?inforce=20230101&published=20200605.

⁽³⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 ón gCoimisiún an 1 Márta 2021 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear an modh chun idirbhearta díorthach ag a bhfuil tionscnóir riosca ábhartha amháin nó níos mó a shainathint chun críocha Airteagal 277(5), an fhoirmle chun deilte mhaoirseachta na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol arna mapáil ar an gcatagóir riosca ráta úis a ríomh agus an modh chun a chinneadh an suíomh fada nó gearr é idirbheart sa phríomhthionscnóir riosca nó sa tionscnóir riosca is ábhartha sa chatagóir riosca ar leith chun críocha Airteagal 279a(3)(a) agus (b) sa chur chuige caighdeánaithe maidir le riosca creidmheasa an chontrapháirtí (IO L 204, 10.6.2021, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2021/931/oj).

- (4) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 a leasú dá réir.
- (5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach.
- (6) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/931 mar a leanas:

1. In Airteagal 4(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘4. Féadfaidh institiúidí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 94(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 325a(1) den Rialachán sin, an tionscnóir riosca is ábhartha a shainaithint trí na céimeanna seo a leanas a chur i bhfeidhm tráth tionscanta an idirbhirt, agus ansin ar bhonn ráithiúil ar a laghad:’;

2. Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

- (a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

‘1. Ríomhfaidh institiúidí deilte mhaoirseachta (δ) na gcéadroghanna ar cheannach agus ar dhíol, nuair a mhapáiltear í ar an gcatagóir riosca ráta úis nó ar an gcatagóir riosca tráchtearraí, atá comhoiriúnach le dálaí an mhargaidh faoina bhféadfadh rátaí úis nó praghasanna tráchtearraí a bheith diúltach mar seo a leanas:’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh institiúidí an t-aistriú (λ) le haghaidh aon chéadrogha ar cheannach agus ar dhíol a ríomh mar seo a leanas:

$$\lambda_j = \begin{cases} \text{uasmhéid}\{tairseach_j - \text{íosmhéid}\{P_j, K_j\}, 0\} & \text{má mhapáiltear an chéadrogha } j \text{ ar an gcatagóir riosca ráta úis;} \\ \text{uasmhéid}\{-(1 + tairseach_j) \cdot \text{íosmhéid}\{P_j, K_j\}, 0\} & \text{má mhapáiltear an chéadrogha } j \text{ ar an gcatagóir riosca tráchtearraí.} \end{cases}$$

nuair atá:

P_j = spotphraghas nó réamhphraghas ionstraim forluiteach na céadrogha j ;

K_j = praghas ceangail na céadrogha j ;

$$tairseach_j = \begin{cases} 0.10\%, & \text{má mhapáiltear an chéadrogha } j \text{ ar an gcatagóir riosca ráta úis;} \\ 0.1, & \text{má mhapáiltear an chéadrogha } j \text{ ar an gcatagóir riosca tráchtearraí.} \end{cases}$$

⁽⁴⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj>).

- (c) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an Tábla:

Tábla

Catagóir riosca	Ionstraim fholuiteach	Luaineacht mhaoirseachta
An ráta úis	Gach ceann	50 %
Riosca tráchtearraí	Leictreachas	150 %
	Tráchtearraí eile (seachas leictreachas)	70 %

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN